Otharcharr ar iarraidh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi fhear gortaithe a d'fhan tamall fada ar otharcharr i Leitir Ceanainn.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1) a person who was hurt _____
2) the lack of an ambulance _____
3) runner _____
4) emergency services _____
5) Accident and Emergency Unit _____
6) emergency calls _____
7) adhere to their objectives _____
8) supporting each other _____
9) on duty _____

(b) Féachaigí ar na focail seo ó chanúint Uladh a bheidh sa mhír. Cén leagan atá agaibh féin orthu?

ag leath i ndiaidh: _____
seo a chuaigh thart: _____
taobh istigh de: _____
bomaite: _____
scairteanna: _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Éist leis an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a bhí an fear óg a dhéanamh nuair a gortaíodh é agus cén áit?

2. Cén fáth ar ghlac sé chomh fada ar an otharcharr teacht?

3. Cad a bhí le rá ag na daoine / dreamanna seo a leanas?

Na Gardaí
An Taoiseach
Suíomh idirlín FSS
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ceist 3 Cé mhéad tuiseal atá sa Ghaeilge? Cad iad?

(a) Éist leis an mhír agus breac síos aon sampla de na tuisil a chloiseann tú. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

(b) Féach ar an sampla seo den tuiseal tabharthach, cad iad na rialacha a bhaineann leis mar sin?

'…ar an otharcharr…' ***ach*** *ar an gcarr* nó *ar an charr*

(c) An ionann an tuiseal tabharthach i ngach canúint? Mínigh.

Ceist 4 '…cóir leighis…'

Bíonn an tuiseal ginideach den fhocal **leigheas** in úsáid go minic i dtéarmaí a bhaineann le cúrsaí leighis agus sláinte. An dtuigeann tú na samplaí seo a leanas? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

árachas leighis
cárta leighis
cógas leighis
cúram leighis
oibrí leighis
sochar leighis

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

- Cad a cheap tú faoin scéal nuachta? Smaoinigh ar thrí aidiacht le cur síos air.
- Ar mhaith leat féin otharcharr a thiomáint, cén fáth?

Freagraí

Ceist 1 (a)

1. a person who was hurt	*duine a gortaíodh*
2. the lack of an ambulance	*cheal otharchairr*
3. runner	*reathaí*
4. emergency services	*seirbhísí éigeandála*
5. Accident and Emergency Unit	*Aonad timpistí agus Éigeandála*
6. emergency calls	*glaonna éigeandála*
7. adhere to their objectives	*cloí lena spriocanna*
8. supporting each other	*ag tacú le chéile*
9. on duty	*ar dualgas*

Ceist 1 (b)

ag leath i ndiaidh:	*ag leathuair tar éis*
seo a chuaigh thart:	*seo caite, seo a d'imigh tharainn*
taobh istigh de:	*laistigh de*
bomaite:	*nóiméad*
scairteanna:	*glaonna*

Ceist 2

1) Bhí sé ag rith ar chosán ar Bhóthar an Phoirt (an Chalaidh) i Leitir Ceanainn ag leathuair tar éis a seacht oíche Mhairt seo caite.
2) Bhí ar an otharcharr teacht ó Charn Domhnach in Inis Eoghain, áit atá seasca ciliméadar ó Leitir Ceanainn, toisc go raibh an dá otharcharr a bhí ar dualgas ag an am gnóthach le glaonna eile.
3) **Na Gardaí** – go bhfuil siad ag fiosrú an scéil; **an Taoiseach** – go bhfuil sé féin ag lorg eolais faoin mhoill a bhí ar an otharcharr teacht; **Suíomh idirlín FSS** - dé réir na tuairisce is deireanaí dúradh in idir 68 agus 70 faoin gcéad de ghlaonna éigeandála go raibh otharcharr ar an láthair taobh istigh de naoi nóiméad déag, ach dúradh freisin go mbeadh deacrachtaí ag an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr cloí lena spriocanna as seo amach de bharr nach mbeadh áiseanna breise ar fáil dóibh; **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** - deir siad go mbíonn na hotharcharranna fríd an chontae ag tacú le chéile nuair a bhíonn scairteanna éigeandála ann. Dúirt siad go raibh an dá otharcharr a bhí ar dualgas i Leitir Ceanainn oíche Mháirt seo caite gnóthach le scairteanna eile nuair a tharla an timpiste ar Bhóthar an Phoirt.

Ceist 3

An tuiseal ainmneach – nominative case
An tuiseal ginideach – genitive case
An tuiseal tabharthach – dative case
An tuiseal gairmeach – vocative case

(a)
An tuiseal ainmneach – an tseachtain, an timpiste, an fear óg, na Gardaí, an Taoiseach, na hotharcharranna
An tuiseal ginideach – cheal otharchairr, Bóthair an Phoirt, cóir leighis, ag lorg eolais
An tuiseal tabharthach – chuig an ospidéal, ar an chosán, ar na seirbhísí, ar an láthair, don fhear óg, ar an otharcharr, leis an láthair, faoin timpiste, ón otharlann, ag an tseirbhís
An tuiseal gairmeach –

(b) Cuirtear urú ar an ainmfhocal (a thosaíonn le consan ach amháin d, t, l, s, agus n) tar éis an ailt agus réamhfhocail shimplí. Ní athraítear ainmfhocail a thosaíonn le guta.

(c) I gcanúint Uladh cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an ailt agus réamhfhocail shimplí. Ní athraítear ainmfhocail a thosaíonn le guta.

Ceist 4
árachas leighis – medical insurance
cárta leighis – medical card
cógas leighis – medicine
cúram leighis – medical care
oibrí leighis – medic
sochar leighis – medical benefits

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
I gCo. Dhún na nGall thóg sé beagnach uair an chloig duine a gortaíodh i dtimpiste bhóthair[i] i Leitir Ceanainn a thabhairt chuig an ospidéal an tseachtain seo caite cheal otharchairr. Míle ó ospidéal Leitir Ceanainn a tharla an timpiste ach bhí gá otharcharr a thabhairt seasca ciliméadar ó bhaile.

Áine Ní Bhreisleáin
Bhí fear amuigh ag rith ar an chosán coise ar Bhóthar an Phoirt i leitir Ceanainn ag a leath i ndiaidh a seacht Dé Máirt seo a chuaigh thart. Bhuail dhá charr in éadan a chéile agus chuaigh carr amháin in airde ar an chosán agus bhuail sé an reathaí. Cuireadh glao ar na seirbhísí éigeandála agus rinne duine ar an láthair iarracht cóir leighis a thabhairt don fhear óg. Bhí ar an otharcharr a theacht as Baile Charn Domhnach in Inis Eoghain, seasca ciliméadar ó Leitir Ceanainn. Thóg sé daichead is a hocht bomaite ar otharcharr a theacht a fhad leis an láthair sular tugadh an fear go hAonad Timpistí agus Éigeandála Leitir Ceanainn. Chinntigh na Gardaí inniu go bhfuil fiosrúchán ar bun acusan faoin timpiste a tharla. Dúirt an Taoiseach agus é i Leitir Ceanainn Dé hAoine go mbeadh sé féin ag lorg eolais faoin mhoill a cuireadh ar otharcharr a theacht chuig an láthair ar Bhóthar an Phoirt, míle ón otharlann. De réir na tuairisce[ii] is deireanaí atá ar shuíomh an HSE de mhí Iúil dúradh in idir 68 agus 70 faoin gcéad de ghlaonna éigeandála go raibh otharcharr ar an láthair taobh istigh de naoi mbomaite[iii] dhéag, ach dúradh fosta go mbeadh deacrachtaí ag an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr cloí lena cuid spriocanna[iv] as seo amach de bharr nach mbeadh áiseanna breise ar fáil daofa[v]. Bíonn ceithre cinn déag d'otharcharranna lonnaithe anseo i Leitir Ceanainn, de ghnáth ach, i ráiteas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, deir siad go mbíonn na hotharcharranna fríd an chontae ag tacú le chéile nuair a bhíonn scairteanna[vi] éigeandála ann. Dúirt siad go raibh an dá otharcharr a bhí ar dualgas i Leitir Ceanainn oíche Mháirt seo caite gnóthach le scairteanna eile nuair a tharla an timpiste ar Bhóthar an Phoirt. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, ag otharlann Leitir Ceanainn.

[i] *bóthair* a deirtear
[ii] *an tuairisc* a deirtear
[iii] *bhomaite* a deirtear
[iv] *spriocannaí* a deirtear i gcanúint Uladh
[v] *dóibh* a deirtear sa chaighdeán
[vi] *scairteannaí* a deirtear i gcanúint Uladh